Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14206/17**

**EDUC 406**
**JEUN 141**
**EMPL 540**
**SOC 708**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13538/17 EDUC 381 JEUN 129 EMPL 511 SOC 668 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9842/17 EDUC 276 JEUN 79 EMPL 346 SOC 449 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth<br>- *Conclúidí ón gComhairle (20 Samhain 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3577ú cruinniú a bhí aici ar an 20 Samhain 2017.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI an cúlra polaitíochta a bhaineann leis an tsaincheist thuasluaite mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo;

Á AITHINT DI

1. go bhfuil sé mar phríomhthosaíocht againn oideachas scoile ardcháilíochta cuimsitheach cothrom a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, rud a mbeidh tionchar aige ar dhul chun cinn sóisialta agus ar fhás inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh feasta. Imríonn an t-oideachas tionchar cinntitheach ar an ngealladh a bhíonn faoin aos óg agus ar na deiseanna a thugtar dóibh sa saol, agus is é a bhíonn ina bhunchloch ag an ngaisneas is féidir le foghlaimeoirí a bhaint as margadh an tsaothair agus as an saol mór, idir shibhialta, shóisialta, agus phearsanta.

2. go bhfuil sé tábhachtach go leanfadh daoine den fhoghlaim ar feadh an tsaoil d'fhonn bheith in ann na dúshláin a bhíonn rompu sa domhan mearathraitheach seo a fhreagairt. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag scoileanna, agus an pobal mar thaca acu, agus cuidiú le daoine forbairt a dhéanamh ar raon leathan de phríomhinniúlachtaí,[1] bheith freagrach as a gcuid foghlama agus as a ngairm bheatha ar feadh an tsaoil, agus bheith gníomhach freagrach mar shaoránaigh.

IS EOL DI

3. go bhfuil gá le cur chuige comhaimseartha i leith an teagaisc, na foghlama agus rialachas na gcóras oideachais scoile, a bheidh bunaithe ar an dul chun cinn in eolaíochtaí na foghlama (agus a chuideoidh le scoileanna freagairt d'éilimh oideachasúla athraitheacha na bhfoghlaimeoirí, na sochaí agus mhargadh an tsaothair), agus ar an dul chun cinn a eascraíonn as forbairtí digiteacha teicneolaíocha;

---

[1] Sa tuarascáil a foilsíodh in 2006 dar teideal *Recommendation on Key Competences for Lifelong Learning* [Moladh maidir leis na príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil], sainmhínítear na príomhinniúlachtaí mar theaglaim ina bhfuil eolas, scileanna agus meonta.

4. na dúshláin a bheidh ann agus tagarmharc 2020 á bhaint amach – líon na scoláirí sin nach n-éiríonn go maith leo sa léamh, sa mhatamaitic ná san eolaíocht a laghdú[2] – ar dúshláin iad a éilíonn go ndéanfar iarrachtaí beartais dáiríre chun feabhas a chur ar chumas scoileanna tacaíocht a thabhairt don uile fhoghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de;

5. gur fíor gur gá bheith dúthrachtach go fóill, in ainneoin an dul chun cinn nach beag atá déanta le deich mbliana anuas, chun príomhsprioc Eoraip 2020 a bhaint amach, is é sin, an ráta luathfhágála scoile a laghdú;[3]

6. gur gá an cothromas, an comhionannas agus an chuimsitheacht a chur chun cinn san oideachas scoile agus leis an oideachas scoile ó tharla gur mór go fóill an tionchar a bhíonn ag cúlra socheacnamaíoch an dalta ar an méid a bhaineann sé amach ó thaobh an oideachais de;

7. gur gá infheistiú i múinteoirí agus i gceannairí scoile mar gurb iad is mó a mbíonn sé de chumhacht acu a chinntiú go n-éireoidh le daltaí, agus gur gá tacú leis na múinteoirí sin bheith freagrach agus bheith níos cothroime i dtaca leis an neamhspleáchas gairmiúil le hais na cuntasachta;

8. a thábhachtaí atá dea-rialachas na gcóras oideachais scoile, agus gur ríthábhachtach, le haghaidh fheabhsú na cáilíochta, an chothromais agus na héifeachtachta san oideachas, an chothromaíocht idir neamhspleáchas scoile agus cuntasacht scoile;

9. a thábhachtaí atá oideachas agus cúram na luath-óige lena gcruthaítear bonn le haghaidh ardfheidhmíocht ar gach leibhéal oideachais ina dhiaidh sin agus le haghaidh rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil chomh maith, agus lena gcuirtear chun cinn foghlaim, folláine agus forbairt an uile pháiste.

CUIREANN SÍ I dTREIS

10. gur saintréith de chuid an oideachais scoile Eorpaigh í an éagsúlacht, agus go mbíonn na Ballstáit freagrach go hiomlán as a gcórais oideachais féin a bhainistiú agus a fhorbairt, rud a fhágann go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann, ag brath ar chomhthéacsanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, sna réitigh lena dtabharfaí faoi dhúshláin chomhroinnte agus lena gcuirfí athchóirithe spriocdhírithe chun feidhme.

[2] Faoin mbliain 2020, ba cheart gur lú ná 15% sciar na ndaltaí 15 bliana d'aois nach bhfuil ag éirí go maith leo sa léamh, sa mhatamaitic ná san eolaíocht.

[3] ba cheart gur lú ná 10% sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna faoi 2020.

11. go bhfuil ard-bhreisluach AE ag an gcomhar Eorpach i réimse an oideachais scoile, go háirithe leis an gclár Erasmus+, agus go bhfuil ról tábhachtach ag an gcomhar sin i dtaca le hoideachas ar ardcháilíocht a áirithiú, teagmhálacha níos dlúithe a éascú idir aos óg na hEorpa, céannacht choiteann Eorpach a chothú agus tacú le hathchóirithe beartais i réimse an oideachais.

IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth le haghaidh tús maith sa saol mór,[4] ina sainaithnítear na trí réimse ina bhfuil gá gníomhaíocht a dhéanamh agus inar féidir tacaíocht ar leibhéal Eorpach cuidiú a thabhairt.

Dá réir sin, IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, agus aird chuí á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta agus i gcomhréir leis na cúinsí náisiúnta, díriú ar na réimsí tosaíochta seo a leanas le haghaidh gníomhaíochta:

12. oideachas cuimsitheach atá ar ardcháilíocht a áirithiú,[5] agus cur le forbairt bhuanna agus acmhainneacht gach foghlaimeora tríd an méid seo a leanas:

   a) tacú le scoileanna cur chuige iomlán scoile a chur i bhfeidhm maidir le forbairt an teagaisc agus na foghlama, d'fhonn cultúr scoile níos cuimsithí, níos suimiúla agus níos tacúla a chur chun cinn atá dírithe ar fholláine phobal iomlán na scoile agus nach gceadófar in aon chor leis an gcultúr scoile sin bulaíocht, foréigean ná idirdhealú ar bhonn ar bith;

   b) bearta a dhéanamh chun a áirithiú go bhfaighfear eolas domhain ar na hábhair scoile agus go ndéanfar forbairt ar raon iomlán na bpríomhinniúlachtaí (lena n-áirítear inniúlachtaí sóisialta agus sibhialta ach go háirithe), agus go gcuirfear luachanna comhchoiteanna chun cinn chomh maith[6];

   c) tacú le spreagadh na bhfoghlaimeoirí, lena n-inniúlacht maidir le foghlaim conas foghlaim agus le húinéireacht na foghlama, agus lena chois sin, cead cainte an fhoghlaimeora, an t-idirphlé daonlathach agus rannpháirtíocht i saol na scoile a chur chun cinn;

---

4 9842/17.

5 Mar a luaitear sna conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardcháilíocht a chur ar fáil do chách (Feabhra 2017).

6 Mar a luaitear sa dearbhú dar teideal *Declaration on promoting citizenship and the common values of freedom, tolerance and non-discrimination through education* [Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas].

d) an taithí foghlama a shaibhriú trí thacú le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go héifeachtach agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn a nascann an fhoghlaim agus eispéireas an tsaoil mhóir, mar shampla trí fhoghlaim atá bunaithe ar thionscnaimh agus ar fhadhbanna a réiteach, trí thaithí sa láthair oibre nó trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí de chuid an phobail áitiúil;

e) infheistiú sa tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de, nó atá go mór i mbaol, ar tacaíocht thráthúil agus spriocdhírithe í, trí raon leathan modhanna a úsáid, lena n-áirítear rochtain níos fearr a chur ar fáil dóibh ar shuímh chuimsitheacha agus díriú ar aistriú taobh istigh den chóras oideachais agus ón scoil chuig margadh an tsaothair;

f) infheistiú in oideachas agus i gcúram na luath-óige[7] a bheidh ar ardcháilíocht agus a mbeidh rochtain gach páiste air.

13. múinteoirí agus ceannairí scoile a chumhachtú tríd an méid seo a leanas:

a) aistriú go beartas cuimsitheach múinteoirí ag a mbeidh feidhm ag gach céim dá slite beatha gairmiúla agus a bhainfidh leas as an digitiú san oideachas;

b) a slí bheatha a dhéanamh níos tarraingtí trí dhálaí oibre ar ardcháilíocht a chur ar fáil agus trí fheabhas a chur ar thacaíocht, aiseolas agus treoir do mhúinteoirí agus ceannaire scoile nua, ach go háirithe;

c) oiliúint tosaigh ar ardcháilíocht a sholáthar do mhúinteoirí ina ndírítear, go háirithe, ar chleachtas ranga dea-ullmhaithe a dhéanamh i rith an chúrsa oiliúna, cleachtas a threoraíonn meantóirí oilte, nuair is iomchuí;

d) infheistiú ina bhforbairt agus ina bhfás, idir ghairmiúil agus leanúnach, le linn gach céime dá slí bheatha agus ceannaireacht scoile a fheabhsú;

e) tacú le hullmhú agus le forbairt ghairmiúil oidí agus meantóirí múinteoirí agus raon níos leithne eispéireas a thabhairt isteach in oideachas agus oiliúint na múinteoirí;

---

[7] Mar a luaitear sna conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige: an tús is fearr a thabhairt dár bpáistí go léir chun tabhairt faoin saol mór (19 agus 20 Bealtaine 2011).

f) neart a chur le comhar spriocdhírithe, le líonra foghlama ar líne, le pobail ar líne agus le cleachtais nuálacha oideolaíocha i measc múinteoirí agus ceannairí scoile, agus ról a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha eile.

14. aistriú go rialachas a bheidh níos éifeachtúla, níos cothroime agus níos éifeachtaí tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) cothromaíocht chuí a aimsiú idir an neamhspleáchas agus an chuntasacht d'fhonn tacú leis an bhfeabhsú leanúnach agus leis an nuálaíocht ar leibhéal na scoile agus leibhéal an chórais;

b) córais rialaithe cáilíochta a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear féinmheastóireacht agus measúnú cainníochta agus cáilíochta i gcomhréir le cúinsí agus beartais náisiúnta, atá bunaithe ar thuiscint chuimsitheach ar an bhforbairt scoile a shuitear agus a roinntear le geallsealbhóirí;

c) tacú le beartais atá bunaithe ar fhianaise agus úsáid chothrom chuí a bhaint as sonraí, lena n-áirítear sonraí ó staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta agus ón bhfaireachán a dhéantar ar oideachas agus ar oiliúint;

d) caiteachas leordhóthanach éifeachtúil ar an oideachas scoile agus a áirithiú go mbaintear an úsáid is fearr amuigh as acmhainní ar gach leibhéal le tréan díchill, agus, nuair is iomchuí, athchóirithe struchtúracha ar oideachas scoile a thionscnamh.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN na gníomhaíochtaí atá déanta ag na Ballstáit a chomhlánú agus tacú lena gcomhar d'fhonn an méid a leanas a dhéanamh:

15. comhar idir scoileanna a leathnú trí rochtain níos fearr a thabhairt ar chomhpháirtíochtaí scoileanna, r-Nascadh agus soghluaisteacht na mac léinn, na mball foirne agus na n-oidí múinteora – lena n-áirítear tréimhsí de thaithí phraiticiúil do mhúinteoirí nua agus do cheannairí scoile nua, agus d'ábhair mhúinteoirí agus ábhair cheannairí scoile chomh maith – trí bhíthin chlár Erasmus+;

16. cuidiú le forbairt, trí mhalartú dea-chleachtais agus trí phiarfhoghlaim, ar raon leathan de phríomhinniúlachtaí i ndáil le gach duine óg, lena n-áirítear bunscileanna, inniúlachtaí digiteacha agus inniúlachtaí chun tacú le forbairt phearsanta, forbairt shóisialta agus saoránacht ghníomhach;

17. feabhas a chur ar ullmhúchán na scoileanna don fhoghlaim sa ré dhigiteach, mar shampla trí fhéinmheasúnú múinteoirí a chur chun cinn chomh maith le forbairt ar scileanna digiteacha múinteoirí (trí chreat um inniúlacht dhigiteach), trí fhéachaint ar na buntáistí a thabharfaí le huirlis féinmheasúnaithe dheonach maidir le cumas digiteach scoileanna, agus trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar phobail agus acmhainní ar líne san Aontas;

18. oideachas a chothú sna hábhair eolaíochta, theicneolaíochta, innealtóireachta, (ealaíona) agus mhatamaitice (STE(A)M) trí dhea-chleachtas a chur chun cinn, trí chomhar scoileanna a neartú leis an ardoideachas agus leis na hearnálacha taighde agus gnó ar leibhéal an Aontais, agus trí aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhearnaí idir na hinscní agus ar steiréitíopaí inscne;

19. atreisiú a dhéanamh ar phiarfhoghlaim agus gníomhaíochtaí piarchomhairleoireachta agus malartú taithí agus dea-chleachtais, i ndáil, go háirithe, le hoideachas agus cúram na luath-óige, rialú cáilíochta, slite beatha agus forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus na gceannairí scoile, agus oideachas cuimsitheach;

20. an chuimsitheacht san oideachas a chur chun cinn agus tacú léi freisin, lena n-áirítear trí thástáil ar bheartais maidir le foghlaimeoirí a theagasc a bhfuil cúlraí éagsúla acu i dtaca le teanga agus cultúr, agus comhar a neartú idir na Ballstáit agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus Oideachas Cuimsitheach, chomh maith le gníomhaireachtaí ábhartha eile agus eagraíochta idirnáisiúnta;

21. taighde ar an oideachas a chur chun cinn agus tacú leis freisin, chomh maith le torthaí taighde oideachais a scaipeadh, agus forbairt bhreise a dhéanamh ar shineirgí le OECD i gcomhar leis na Ballstáit chun sonraí agus tuarascálacha inchomparáide a chur ar fáil maidir le hoideachas scoile, lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfaidh an Líonra um Fhaisnéis Oideachais sa Chomhphobal Eorpach agus OECD bailiú sonraí níos éifeachtúla i gcomhar le chéile;

22. cuidiú le Ballstáit a iarrann, dá ndeoin féin, cabhair chun mór-athchóirithe oideachais scoile a dhearadh agus a chur chun feidhme trí shocrú tacaíochta teicniúla ar bhonn éilimh a chur ar bun agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta. D'fhéadfadh tacaíocht a thabhairt trí sheirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear an tSeirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, agus ionstraimí cistithe an Aontais amhail cistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa agus Erasmus+.

AR A BHARR SIN, LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ

23. go dtabharfadh an Coimisiún lán-aird ar na conclúidí seo agus tograí á n-ullmhú aige le haghaidh chreat an chomhair straitéisigh a bheidh ann amach anseo i réimse an oideachais agus na hoiliúna agus le haghaidh chlár an Aontais maidir le hoideachas agus oiliúint tar éis 2020.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Cúlra polaitiúil**

1. *Council Conclusions on preparing young people for the 21st century: an agenda for European cooperation on schools* [Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga a ullmhú don 21ú haois: clár oibre le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le scoileanna] (21 Samhain 2008).
2. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa – *Improving competences for the 21st century: an agenda for European cooperation on schools* [Inniúlachtaí a fheabhsú don 21ú haois: clár oibre le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le scoileanna] (3 Iúil 2008).
3. *Council Conclusions on a strategic framework for European cooperation in education and training ('ET2020')* [Conclúidí ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le hoideachas agus le hoiliúint ('ET 2020')] (12 Bealtaine 2009).
4. Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige: ag soláthar an túis is fearr don saol atá rompu dár leanaí uile (19 agus 20 Bealtaine 2011).
5. *Council Conclusions on effective teacher education* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hoiliúint éifeachtach do mhúinteoirí] (20 Bealtaine 2014).
6. Conclúidí ón gComhairle maidir le ceannaireacht éifeachtach san oideachas (25 agus 26 Samhain 2013).
7. *Declaration on promoting citizenship and the common values of freedom, tolerance and non-discrimination through education* [Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas] (Páras, 17 Márta 2015).
8. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an oideachais luath-óige agus na bunscolaíochta i gcothú na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na hinniúlachta digití (18 agus 19 Bealtaine 2015).
9. *2015 Joint Report of the Council and the Commission on the implementation of the strategic framework for European cooperation in education and training (ET 2020) — New priorities for European cooperation in education and training* [Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) — Tosaíochtaí nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint] (23 agus 24 Samhain 2015).
10. *Council Conclusions on reducing early school leaving and promoting success in school* [Conclúidí ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú agus leis an rath ar scoil a chur chun cinn] (23 agus 24 Samhain 2015).

11. *Resolution of the Council and of the Representatives of the Governments of the Member States, meeting within the Council, on promoting socio-economic development and inclusiveness in the EU through education: the contribution of education and training to the European Semester 2016* [An Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le forbairt shocheacnamaíoch agus cuimsitheacht a chur chun cinn san Aontas tríd an oideachas: an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le Seimeastar Eorpach 2016] (24 Feabhra 2016).

12. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A new skills agenda for Europe: working together to strengthen human capital, employability and competitiveness* [Clár oibre nua scileanna don Eoraip: ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an fhostaíocht agus an iomaíochas a neartú]
(10 Meitheamh 2016).

13. Faireachán ar Oideachas agus ar Oiliúint 2016 (7 Samhain 2016).

14. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – Improving and modernising education [An t-oideachas a fheabhsú agus a nuachóiriú] (7 Nollaig 2016).

15. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách (17 Feabhra 2017).

16. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *School development and excellent teaching for a great start in life* [Forbairt scoile agus teagasc den scoth le haghaidh tús maith sa saol mór] (30 Bealtaine 2017).